# Nuacht ó Oifig na Gaeilge

**Ag Áine Ní Shúilleabháin**

Bhí go leor cúiseanna ceiliúrtha i saol na Gaeilge i gcaitheamh na bliana mar a rinneadh comóradh ar Bhliain Idirnáisiúnta na dTeangacha Dúchasacha de chuid na Náisiún Aontaithe, éachtaí mac léinn agus an obair dhíograiseach atá ar bun i saol na hollscoile agus lasmuigh trí bhronnadh Ghradaim Ghaeilge Choláiste na Tríonóide.

## Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha

Rinne Oifig na Gaeilge agus Roinn an Staidéir Chliniciúil ar Urlabhra agus Teangacha ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha ar an 21 Feabhra 2019. Thug na filí Ciara Ní Eanacháin (Gaeilge), Sara Margrethe Oskal (Sámi) agus Matyas Le Brun (Briotáinis) taispeántas filíochta i Seomra na Gaeilge, áit ar cuireadh fáilte roimh Ambasadóir na hIorua go hÉireann, Else Berit Eikeland.

Is as tuaisceart na hIorua do Oskal agus tógadh í mar chainteoir Sámi i dteaghlach a thógann réinfhianna mar shlí bheatha. Úsáideann sí cantaireacht ina cuid filíochta. Oibríonn Oskal agus Le Brun le chéile chun saothair filíochta a chumadh agus a fhoilsiú i Sami, Fraincis agus Briotáinis.

Is céimí de Choláiste na Tríonóide í Ciara Ní É (Nua-Ghaeilge & Litríocht an Bhéarla 2013) a bhunaigh REIC, imeacht dhátheangach atá bunaithe ar an bhfocal labhartha. Bhain sí amach gradam Oireachtas na Gaeilge d'Fheachtas Meán Sóisialta na Bliana 2018 don haischlib #Nílsécgl.



Caolán Mac Grianna, Ciarán Wadd, Seán Kyne TD, Cúnla Morris, Áine Ní Shúilleabháin, John Coman, Aonghus Ó Lochlainn, Dillon Cotter & Malachi Ó Marcaigh

*Grianghraf: Fennell Photography*

## Gradaim na Gaeilge

Bronnadh Gradaim Ghaeilge Choláiste na Tríonóide 2019 i Seomra na Gaeilge i mí Aibreáin. Reáchtáladh na Gradaim chun aitheantas a thabhairt don tréanobair atá ar siúl ar son na teanga san ollscoil agus sa phobal i gcoitinne. Bhí an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Seán Kyne TD, i láthair ag an ócáid cheiliúrtha chun an bronnadh a dhéanamh.

### Bronnadh gradaim ar na daoine seo a leanas ar an oíche:

- **Gradam an Mhic Léinn:** Cúnla Morris (mac léinn dara bliana le Nua-Ghaeilge & Fraincis)
- **Gradam an Chéimí:** Aonghus Ó Lochlainn (Ceol & Stair 2012)

### Bronnadh teastais ardmholta ar na daoine seo a leanas:

- **Céimí:** Ciarán Wadd (Nua-Ghaeilge & Fraincis 2018)
- **Mac Léinn:** Malachi Ó Marcaigh (mac léinn dara bliana le Stair & Polaitíocht)
- **Mac Léinn:** Dillon Cotter (mac léinn dara bliana le Fisic Theoiriciúil)

## An Cumann Gaelach

Tá an Cumann Gaelach ag dul ó neart go neart le os cionn 700 ball cláraithe i mbliana. Ó bunaíodh é in 1907, tá spiorad an Chumainn le feiceáil san iliomad imeachtaí a reáchtáiltear go rialta agus iad ag cur chun cinn na teanga agus an chultúir Ghaelaigh.

Is í Éigse na Tríonóide an imeacht is mó i bhféilire an Chumainn ina mbíonn níos mó ná 20 imeacht eagraithe ar an gcampas i gcaitheamh seachtaine. Don chéad uair riamh, chuir an Cumann ceoldráma, *Oisín i Tír na nÓg*, ar stáitse i mbliana. Léiríodh an ceoldráma, a bhí scríofa agus cumtha ag an Oifigeach Drámaíochta, Dillon Cotter, os comhair lucht féachana in Amharclann Players thar 3 oíche le linn Sheachtain na Gaeilge.

Is léiriú ar shárobair an Chumainn é gur bhain siad an chéad áit amach i gComórtas Ghlór na nGael do Chumainn Ghaelacha sna Coláistí Tríú Leibhéal don 7ú huair le 8 mbliana anuas i mí Feabhra. Bronnadh an dara háit i gComórtas Chonradh na Gaeilge don chumann is fearr orthu chomh maith.

### CIORCAL COMHRÁ

Bíonn teacht le chéile seachtainiúil i mbialann an Bhutraigh (The Buttery) gach Céadaoin ó 10.30am – 12.00pm. Bíonn mic léinn, baill foirne agus muintir an phobail i láthair agus fáiltítear i gcónaí roimh dhaoine nua a bheith inár measc chun an Ghaeilge a labhairt i dtimpeallacht chairdiúil, réchúiseach agus cuairt a thabhairt ar champas galánta Choláiste na Tríonóide.

### OIFIG NA GAEILGE

tcd.ie/gaeloifig
E: gaeloifig@tcd.ie / 01 896 3652 • Twitter/FB: @GaeloifigTCD

### FAOIN ÚDAR

Is í Áine Ní Shúilleabháin B.A. (2007) an tOifigeach Gaeilge i gColáiste na Tríonóide. Áine Ní Shúilleabháin is Trinity's Irish Language Officer.